Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2014**
**(OR. en)**

**16414/14**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2013/0141 (COD)**

**AGRI 764**
**AGRILEG 251**
**PHYTOSAN 66**
**CODEC 2424**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9574/13 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí<br>- *Tuarascáil ar dhul chun cinn* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí thíos faoi seo cuntas ar an staid mar atá i ndáil leis an togra maidir le sláinte plandaí.

Tá sé mar aidhm ag an togra aghaidh a thabhairt ar rioscaí méadaithe san earnáil, a thagann ó lotnaidí agus ó ghalair nua (mar thoradh ar dhomhandú na trádála agus ar an athrú aeráide). Déanfar nuachóiriú leis an togra freisin ar ionstraimí a bhaineann le trádáil — bíodh sé laistigh de AE (inrianaitheacht fheabhsaithe sa mhargadh inmheánach) nó ó thríú tíortha — ag díriú ar chur chuige rioscabhunaithe. Is iad faireachas níos fearr agus díothú tráthúil ráigeanna lotnaidí nua na huirlisí ar cheart a úsáid chun sláinte plandaí a áirithiú (bunús dlí: Airteagal 43 — an gnáthnós imeachta reachtach).

Ghlac **Parlaimint na hEorpa** a tuairim ar an gcéad léamh an 15 Aibreán 2014. Cuirfear tús le teagmháil pholaitiúil leis an bParlaimint a luaithe a ghlacfaidh Coreper sainordú le haghaidh caibidlíochta.

D'eisigh an **Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta** a thuairim an 10 Nollaig 2013, agus an 13 Eanáir 2014 chuir **Coiste na Réigiún** in iúl don Chomhairle nach n-eiseodh sé tuairim.

Go nuige seo, tá tuairimí tugtha uathu ag dhá pharlaimint náisiúnta maidir le prionsabal na coimhdeachta agus le prionsabal na comhréireachta a chur i bhfeidhm.

Tionóladh an chéad chruinniú den mheitheal (Cosaint agus Cigireacht — Sláinte Plandaí) faoi Uachtaránacht na hÉireann[1]. Leanadh ar aghaidh le scrúdú teicniúil ina dhiaidh sin faoi Uachtaránacht na Liotuáine[2] agus faoi Uachtaránacht na Gréige[3]. Tíolacadh an chéad téacs comhréitigh[4] faoi Uachtaránacht na Gréige agus pléadh é tuilleadh le linn Uachtaránacht na hIodáile[5].

D'ullmhaigh Uachtaránacht na hIodáile téacs comhréitigh athbhreithnithe lena gcumhdaítear Airteagal 1 go dtí Airteagal 61[6]. Chuir sí idirphlé chun cinn freisin maidir le roinnt saincheisteanna ag meitheal na bPríomhoifigeach Folláine Plandaí[7], agus tograí Uachtaránachta[8] á dtíolacadh maidir le hidirthuras, le pasanna plandaí agus le deimhnithe fíteashláintíochta le haghaidh onnmhairithe agus athonnmhairithe. Ar an iomlán, thug na toscaireachtaí tacaíocht do na tograí sin.

A mhéid a bhaineann leis an gcuid eile den togra, tá dul chun cinn réasúnta tapa á dhéanamh ar scrúdú teicniúil agus ba cheart go dtiocfaí ar réitigh ar an gcuid is mó de na saincheisteanna gan mhórán stró.

Maidir leis an gcóras cosanta sláinte plandaí tráth an allmhairithe, is ceist thar a bheith íogair í seo fós, agus chuir grúpaí de thoscaireachtaí[9] tuairimí éagsúla i láthair ina leith agus pléadh iad ar leibhéal na saineolaithe agus ar leibhéal Mheitheal na bPríomhoifigeach Folláine Plandaí araon.

1 An 18.6/2013.
2 Le linn ceithre chruinniú den mheitheal, an 9.7.2013, 16.10.2013, 6-7.11.2013, agus 21-22.11.2013.
3 Le linn sé chruinniú den mheitheal, an 14-15.1.2014, 3-4.2.2014, 19.3.2014, 16.4.2014, 22-23.5.2014 agus 13.6.2014.
4 9613/14 + ADD1
5 Le linn ceithre chruinniú den mheitheal, an 9-10.7.2014, 9.10.2014, 30.10.2014, 27-28.11.2014.
6 15549/14
7 An 11-12.11.2014
8 15152/14
9 16962/13 ADD 21 agus 10537/14 ADD13

Chuir Uachtaránacht na hIodáile tuarascáil i láthair tar éis plé neamhfhoirmiúil a dhéanamh, inar leagadh béim ar réitigh chomhréitigh a d'fhéadfadh a bheith ar fáil sa réimse sin[10]. Ba cheart díriú ar chatagóiriú na dtráchtearraí/na n-ionad tionscnaimh, bunaithe ar chur chuige rioscabhunaithe. Ar an gcéad dul síos, tá an tuairim choitianta ann gurb í an chatagóir lena mbaineann an riosca is mó catagóir na bplandaí adhmadacha le plandáil agus níor cheart a dtrádáil a cheadú ach amháin tar éis measúnú riosca a chur i gcrích agus tar éis iad a chur ar liosta dearfach. Ar an dara dul síos, d'fhéadfaí an cur chuige céanna a leanúint maidir le cineálacha eile plandaí neamhadhmadacha le plandáil, a bhfuil riosca an-ard ag baint leo. Ar an tríú dul síos, maidir le tráchtearraí eile (plandaí eile le plandáil, codanna de phlandaí, táirgí plandaí agus réada eile) atá á rialú faoi láthair, d'fhéadfadh meitheal saineolaithe an riosca a bhaineann le sreabha trádála nua a mheas agus bearta sonracha sealadacha a ghlacadh, más gá. Ar an gceathrú dul síos, maidir le codanna neamhrialáilte plandaí agus táirgí plandaí, tá sé fíor-riachtanach sonraí a fháil maidir le trádáil nua agus foláirimh a thabhairt ar bhonn genera/tionscnaimh/cainníochta, ionas gur féidir bearta sonracha a ghlacadh go sealadach, más gá — tá an cheist ar cheart an chatagóir sin bheith faoi réir liosta dhearfaigh freisin á phlé fós.

---

10 16298/14